# EOLAS AR LOGAINMNEACHA
# PLACENAMES INFORMATION

## Treoir Gearr ar Ainmniú Forbairtí Nua
## A Brief Guide to Naming New Developments

*Bunaíodh Coiste Logainmneacha an Chláir sa bhliain 2002 chun comhairle a thabhairt i dtaobh logainmneacha a roghnú maraon le monatóireacht a dhéanamh ar roghnú ainmneacha d'fhorbairtí nua.*

Cuirfidh an Coiste Logainmneacha comhairle ar fáil maidir le h-ainmniú forbairtí nua, nuair is gá.

Cuimhnigh:
Seol isteach na h-ainmneacha atá molta, trí cinn le do thoil, le léarscáil suíomh na forbairte, chomh luath agus is féidir, go dtí:

Coiste Logainmneacha an Chláir
An Roinn Pleanála,
Comhairle Contae an Chláir,
Bóthar Chill Rois, Inis.
Co. an Chláir

*The Clare Placenames Committee was established in 2002 to give advice on selecting placenames and to monitor new names given to developments.*




The Placenames Committee will advise on the naming of new developments.

Remember:
Please send in your three proposed names, along with a location map of the proposed development at the earliest possible time to:

The Clare Placenames Committee,
The Planning Department,
Clare County Council,
Kilrush Road, Ennis,
Co. Clare

*Coiste Logainmneacha an Chláir*
Clare Placenames Committee

***Coiste Logainmneacha an Chláir***
**Clare Placenames Committee**

*Coiste Logainmneacha an Chláir*

**Clare Placenames Committee**

Is léir mar sin gur cheart cinntiú ainmneacha cuí nua a bhaisteadh ar shráideanna, eastáit tithíochta agus ionaid siopadóireachta, agus mar sin de agus go háirithe comharthaíocht oiriúnach a sholáthar dá réir.

Today, care needs to be taken when deciding on names for new developments such as housing estates, streets, shopping centres etc. and their associated signage.




The Clare Placenames Committee also encourages, and where possible, assists local communities, schools and interested individuals to undertake research into placenames and field names. A Placenames Conference was held in County Clare in 2003 to further promote and raise awareness of the vast heritage of placenames in County Clare.

Tugann Coiste Logainmneacha an Chláir spreagadh agus cúnamh do phobail aitiúla agus daoine aonair ar spéis leo é taighde a dhéanamh ar logainmneacha agus ar ainmneacha páirceanna, nuair is féidir. Reachtáladh Comhdháil Logainmneacha sa bhliain 2003 chun spéis a chothú san ábhar seo maraon le aird an phobail a dhíriú ar oidhreacht na logainmneacha i gcoitine.

Tá sé tábhachtach go dtugann pé ainm nua a roghnófar soiléiriú ar dhreach-tíre na háite i gcomhthéacs an chultúir agus an stair logánta, ag tógaint nithe eile mar an eiceolaíocht, leagan amach na háite mar a bhí sa t-seanaimsir, daoine agus imeachtaí tábhachtacha san áireamh.

It is important that modern placenames reflect the local topography, history, culture or ecology, such as ancient fields, roads, people and significant events.

Tá traidisiún saibhir, éagsúil ag baint le oidhreacht na logainmneacha i gContae an Chláir. Tá 2,401 bailte fearainn sa chontae agus tá ainm ar leith ar gach ceann acu. Leiríonn na hainmneacha seo an chaoi ina bhfuil muintir an chontae agus fórsaí an nadúir araon tar éis dul i bhfeidhm ar dhreach-tíre an cheantair. Bhí ainm ar leith ar na háiteanna is lú tráth dá raibh, gach páirc fiú.

County Clare has a rich and varied tradition of placenames. There are 2,401 townlands in the county, each with a distinctive name, reflecting the natural and man-made features in the locality. In the past every field and local area had its own identity.

Ba chóir go mbeadh logainmneacha éasca le rá agus spreagfar logainmneacha Gaeilge a úsáid, nuair is féidir. Ní mór a chinntiú go bhfuil an leagan Gaeilge ceart ó thaobh litriú agus cruinneas gramadaí sara scrítear ar an ainmchlár é.

Placenames should be easily pronounced and the use of Irish language placenames is encouraged, where possible. Irish versions of names should be checked for correct spelling and grammar before inscribing the nameplate.

Ní mór d'aon dream a bhfuil sé i gceist acu dul i mbun tógála sa chontae teagmháil a dhéanamh le Chomhairle Contae an Chláir agus na Comhairlí Baile chun cead scríofa a fháil roimh ré maidir le húsáid ainm ar bith, go fiú úsáid ar an gcomhartha tógála féin.

Before commencing a proposed development, the developer must submit names to Clare County Council and to the Town Councils for consideration by the Placenames Committee and for its written agreement.